



**PÁIPÉAR CATT TEANG 1 (16) CR**  
**AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH**  
**THEAS**  
**CRUINIÚ - AN FORAS TEANGA**  
**OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT AN CATT, ARD**  
**MHACHA**  
**24 MEITHEAMH 2016**  
**COMHRÁITEAS**

1. Tionóladh an séú cruinniú is fiche d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Oifigí Chomhrúnaíocht an CATT, Ard Mhacha, ar an 24 Meitheamh 2016. I láthair ag an gcruinniú bhí Paul Givan MLA, an tAire Gnóthaí Pobail, Chris Hazzard MLA, an tAire Infreastruchtúir, Heather Humphreys TD, an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus Seán Kyne TD, an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta agus Acmhainní Nádurtha. Rinne an tAire Givan cathaoirleacht ar an gcruinniú.
2. D'aithin na hAirí an méid a baineadh amach ag Seosamh Mac Donncha, iarChathaoirleach Fhoras na Gaeilge, a fuair bás le deireanaí agus chuir said a gcomhbhrón in iúl dá chlann agus dá chomhleacaithe.
3. Chuir na Príomhfheidhmeannaigh léargas ardleibhéil ar fáil ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin Gníomhaireachtaí an Fhorais Teanga.

**TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN**

4. Nótáil na hAirí tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirleach Gníomhaireacht na hUltaise agus ó Phríomhfheidhmeannaigh

Ghníomhaireacht na hUltaise agus Fhoras na Gaeilge ina raibh na héachtaí seo a leanas a bhaineann leis an tréimhse ó mhí na Samhna 2015 go Meitheamh 2016:

### **Gníomhaireacht na hUltaise**

- Ceolchoirm Oíche Burns i Halla Uladh i mí Eanáir 2016, ag a raibh ceoltóirí traidisiúnta Ultaise, Ceolfhoireann Uladh agus tallann áitiúil ina bpríomhaíonna ann;
- Tionscadal Drámaíochta na mBunscoileanna ar an gCéad Chogadh Domhanda inar ghlac 32 bhunscoil páirt trí fhreastal ar dhráma Phillip Orr “Wae a Hairt an a Hauf” a bhí ar stáitse sa Dún Riabhach (Co Dhún na nGall); i Músaem Chontae an Chabháin; in Ionad Oidhreachta an Somme (Co an Dúin); agus i Muileann Maslaí (Co Aontroma). Bhí os cionn 1400 dalta páirteach sa tionscadal;
- Reáchtáladh Seachtain Eolaíochta na hUltaise den chéad uair ón 23-27 Bealtaine 2016, le daltaí ó 5 bhunscoil ag glacadh páirte sna ceardlanna eolaíochta bunaithe ar na nuálaithe Ultaise Harry Ferguson, Frank Pantridge agus an Tiarna Kelvin; agus
- D’fhreastail os cionn 3,000 duine ar Fhéile Mheánaoise Bhruis, a reáchtáladh le linn dheireadh seachtaine an 4-5 Meitheamh 2016, i gCarraig Fhearghais;

### **Foras na Gaeilge**

- Tá an leagan ar líne den Fhoclóir Nua Béarla Gaeilge críochnaithe 100% le 130,000 aonad céille agus tá fás ag teacht i gcónaí ar an líon daoine atá ag baint úsáide as suíomhanna foclóra agus téarmaíochta Fhoras na Gaeilge ([www.focloir.ie](http://www.focloir.ie), [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) agus [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie));
- Tá suíomh tairisí don Ghaeilge agus suíomh nua corparáideach Fhoras na Gaeilge forbartha agus seolfar iad ar an 29 Meitheamh 2016;
- Ceadaíodh deontais ar fiú €158,417 iad do 69 campa samhraidh a dhéanfaidh freastal ar os cionn 3,000 leanbh;
- Tá gradam SWiFT 3000 bronnta ag Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann (NSAI) ar Fhoras na Gaeilge den dara huair agus an tÓrchaighdeán chomh maith. Tugann an dá ghradam aitheantas do shármhaitheas i Rialachas Corparáideach; agus
- Chuir Foras na Gaeilge in iúl torthaí an tsuirbhé uileoileáin ar dhearcthaí i leith na Gaeilge;

agus

- (i) dul chun cinn ar chomhoibriú idir Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge, lena n-áirítear:
- Tá an dá ghníomhaireacht ag breathnú ar an bhféidearthacht maidir le rannpháirtíocht i gClár na hÓige Aontaithe mar a bhí leagtha amach i Straitéis OCALCA “Together Building a United Community” chun acmhainn a chur ar fáil do 10,000 duine óg nach bhfuil i mbun oiliúna, oideachais nó fostaíochta;
  - Tá an dá ghníomhaireacht i mbun bliain a trí de chlár a bhfuil sé mar aidhm leis eolas a chur ar fáil do dhaltaí agus a bhfeasacht a mhéadú maidir leis an nGaeilge agus le hoidhreacht teanga, agus le cultúr, oidhreacht agus teanga na hUltaise;
  - Táthar ag breathnú ar an bhféidearthacht maidir le leagan trítheangach (Gaeilge, Ultais agus Béarla) de leabhar Philip Robinson “*Flora and Fauna of Northern Ireland*” a fhoilsiú; agus
  - Táthar ag smaoineamh ar thionscadal filíochta/amhránaíochta a fhorbairt do leanaí bunscoile a thabharfaidh saothar Robbie Burns agus dream eile san áireamh.

## **PLEANANNA GNÓ AGUS BUISÉID 2016 AN FHORAS TEANGA**

5. Nótáil an CATT gur cheadaigh na hAirí Urraíochta agus Airgeadais roimhe seo na Pleananna Gnó agus Buiséid d'Fhoras na Gaeilge agus do Gníomhaireacht na hUltaise, ina bhfuil coigiltis chomhaontaithe éifeachtúlachta bhuiséid 2016 i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh na Ranna Airgeadais.
6. Cheadaigh an Chomhairle Pleananna Gnó 2016 le buiséid de €14,782,911 (£10,348,038) d'Fhoras na Gaeilge agus £2,342,933 (€3,347,048) do Gníomhaireacht na hUltaise.

## **CEAPACHÁN COMHALTAÍ BOIRD AR AN BHFORAS TEANGA**

7. Cheadaigh na hAirí ceapacháin Rosie Ní Laoghaire Uasal agus Conor McGuinness Uasal chuig Bord an Fhorais Teanga go dtí an 12 Nollaig 2016, agus go mbeadh an Comhalta Boird reatha, Marcas MacRuairí Uasal, ina Leas-Chathaoirleach ar an bhForas Teanga go dtí go rachaidh a théarma ceapacháin in éag ar an 12 Nollaig 2016.

## **DEISEANNA MAOINITHE AE**

8. Nótáil an Chomhairle go bhfuil dhá Gníomhaireacht an Fhorais Teanga ag leanúint i gcónaí le deiseanna féideartha a shainaithint chun uasmhéadú a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le maoiniú AE:-

## Gníomhaireacht na hUltaise

- i mbun plé faoi láthair le Comhairle Contae Mhuineacháin faoi bheith rannpháirteach in iarracht chun acmhainní a chinntiú ón gClár Síochána chun forbairt a dhéanamh ar “Champas Síochána” ar shuíomh i mbaile Mhuineachán;
- ag obair le réimse leathan páirtithe chun gréasán a bhunú, ar a bhfuil an teideal oibre "Les Langues Mal Aimee" (Na Teangacha nach bhfuil Mórán Gean orthu), ina mbeidh rannpháirtíocht ó roinnt de shainleasa mhionteangacha na Fraince (Gallo, Poitevin-Saintongeais agus Alsacien) agus freisin ón mionlach Siléiseach Uachtarach sa Pholainn;
- ag cur deiseanna chun cinn faoi Ghréasán Bhealaí na hEorpa san Oidhreacht Thionsclaíoch (ERIH), a chuimsíonn ballraíocht os cionn 200 i 43 tír agus ar bunaíodh é le maoiniú ó Chlár Cultúir an AE agus a dhíríonn ar chur chun cinn na hoidhreacht tionsclaíche; agus
- ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn maidir le forbairt an Chláir Forbartha Tuaithe/LEADER maidir le deiseanna don Ultais.

## Foras na Gaeilge

- ag cur i bhfeidhm an tionscadail liteartha ‘Focail Eile’ faoi chlár na hEorpa Cruthaithí. Is clár 4 bliana é seo chun an scríbhneoireacht i mionteangacha a chur chun cinn;
  - Tá Foras na Gaeilge ag breathnú ar na tionscadail féideartha seo a leanas freisin:-
    - Slí Cholmcille: Is iarratas comhpháirteach é seo idir Comhairle Chathair Dhoire agus Ceantar an tSraitha Báin (an páirtí Ceannais), Foras na Gaeilge, Comhairle Earra-ghàidheal agus Bhòid, agus roinnt comhpháirtithe Eorpacha faoi Chlár Limistéar an Atlantaigh de chuid an AE do thionscadal dar teideal "Caminos Ceangailte Cultúrtha na hEorpa";
    - Tairiscint fhéideartha chuibhreannais faoi Horizon 2020 do thionscadal taighde pleanála teanga, a mbeadh baint ag comhpháirtithe in Albain (Gàidhlig), san Iorua agus san Fhionlainn leis; agus
    - Tá Grúpa Oibre na gCeanneagraíochtaí maidir le Maoiniú ón AE ag breathnú freisin ar dheiseanna maoinithe do thionscadail chomhpháirtíochta.
9. Mar thoradh ar an gcomhoibriú leanúnach idir gníomhaireachtaí agus oifigigh sa dá dhlíne, tá an méid is mó maoinithe is féidir á tharraingt anuas ón AE agus táthar ag leanúint ag lorg deiseanna nua do thionscadail a mbeadh ar an gcumas maoiniú den saghas sin a mhealladh ón AE.

## **CUNTAIS AGUS TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AN FHOIRIS TEANGA**

10. Nótáil an Chomhairle gur cuireadh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite an Fhoirís Teanga 2014 (faoi iamh) faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Chomhthionól Thuaisceart Éireann ar an 23 Meitheamh 2016 agus go bhfuil na hiniúchtaí allamuigh i dtaca le cuntais 2015 tosaithe sa dá Ghníomhaireacht.

## **PRÓISEAS EARCAÍOCHTA DO PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH**

11. Nótáil na hAirí an próiseas d'earcú Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge faoi réir nósanna imeachta Airgeadais agus CATT atá bunaithe cheana féin. Sa chás nach bhfuil iarrthóir oiriúnach sa phost roimh an 19 Meán Fómhair 2016, cheadaigh na hAirí na socruithe eatramhacha a chuirfear in áit chun bainistíocht a dhéanamh ar ghnó na gníomhaireachta.

## **ÁBHAIR EILE**

### **PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2016 INTERTRADEIRELAND**

12. Nótáil na hAirí go raibh Plean Gnó agus Buiséad/Deontas InterTradelreland ceadaithe cheana ag na hAirí Airgeadais agus Airí na Ranna Urraíochta.
13. Cheadaigh an Chomhairle Plean Gnó 2016 InterTradelreland agus is é an soláthar deontais/buiséid do 2016 ná £8,426,160/€12,037,371 agus £41,000 le tarraingt anuas ó mhaoiniú Thuaisceart Éireann i dtaca le caiteachas fabhráithe 2015.

### **ATHNUACHAN AN CHREATA DO PHRÓISEÁIL RIALACHÁIN ÉIGEANDÁLA GHNÍOMHAIREACHT NA LOCHANNA**

14. Cheadaigh an CATT leanúint den Chreat atá deartha chun tacú le Gníomhaireacht na Lochanna nuair atáthar ag déileáil le héigeandálacha cosúil le heachtra de thruailliú tromchúiseach ar feadh tréimhse eile de bhliain amháin le héifeacht ón 20 Iúil 2016. D'aontaigh na hAirí athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an nós imeachta seo, lena n-áirítear an fhéidearthacht go ndéanfaí athnuachan air, bunaithe ar thuarascáil ó Ghníomhaireacht na Lochanna agus na Ranna Urraíochta, roimh an 20 Iúil 2017.

### **DÁTA AN CHÉAD CHRUIINNITHE EILE**

15. D'aontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga i bhfómhar 2016.

**An Chomhrúnaíocht**  
**24 Meitheamh 2016**

[www.northsouthministerialcouncil.org](http://www.northsouthministerialcouncil.org)